Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6466/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0009(NLE)**

**SCH-EVAL 32**
**FRONT 55**
**COMIX 78**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Feabhra 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5935/23 + COR 1 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i feidhm a rinne **an Iorua** ar *acquis* Schengen i réimse **bhainistiú na dteorainneacha seachtracha** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 a rinne an Iorua ar *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Iorua ar *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um meastóireacht agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha i ndáil leis **an Iorua** idir an 1 agus an 9 Bealtaine 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 140 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil a chuimsigh na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

---

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Tá oiliúint speisialaithe faighte ag gach oibreoir Eurosur agus tá duine acu ina thraenálaí anois do na hoibreoirí nuacheaptha chun acmhainneacht bhuan oiliúna a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, rud a measadh mar dhea-chleachtas. Mar gheall ar a éifeachtúlacht agus a ábharthacht oibríochtúil, is díol spéise ar leith é an comhar réigiúnach idir an Iorua agus an Fhionlainn i gcúrsaí a bhaineann le teorainneacha.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le glacadh ag an Iorua chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé forálacha ábhartha *acquis* Schengen a chomhlíonadh, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na moltaí a bhaineann le comhordú straitéiseach ar bhainistiú teorainneacha (1), anailís riosca (4,5,6), acmhainní daonna (10); oiliúint (12), feidhmiú an chórais seiceála teorann (16, 17, 18, 20, 21, 23, 25).

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922[1] ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2022 ar aghaidh. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin i dtaca le tuarascálacha meastóireachta agus moltaí, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

(6) Laistigh de 2 mhí óna ghlacadh, ba cheart don Iorua, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Iorua an plean gníomhaíochta sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle.

---

1 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

AG MOLADH:

gur cheart don Iorua an méid seo a leanas a dhéanamh

**Comhordú straitéiseach maidir le bainistiú comhtháite ar theorainneacha seachtracha na hEorpa:**

1. acmhainneacht an chomhordúcháin straitéisigh a fhorbairt a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh na cumhachtaí agus an acmhainneacht riaracháin is gá ag an údarás atá freagrach as an gcomhordú, agus na cumhachtaí agus an acmhainneacht sin sainithe go soiléir, ionas go mbeidh an t-údarás sin in ann comhordú éifeachtúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta uile a bhfuil baint acu le rialú teorann, gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme na gcúraimí cothrománacha (straitéis náisiúnta um bainistiú comhtháite teorainneacha, córas náisiúnta oiliúna, forbairt an chumais straitéisigh ó thaobh rialú teorann de, nósanna imeachta aonfhoirmeacha um rialú teorann, an léiriú staide náisiúnta, agus cur chun feidhme coincheap agus córas faisnéise nua) ar an leibhéal straitéiseach, réigiúnach agus áitiúil;

**Sásra Náisiúnta um Rialú Cáilíochta**

2. an sásra náisiúnta um rialú cáilíochta a fhorbairt chun go gcumhdóidh sé gach gné den bhainistiú comhtháite ar theorainneacha agus na húdaráis náisiúnta uile a bhfuil baint acu le rialú teorann; a áirithiú go bhfuil an acmhainneacht náisiúnta tiomnaithe ann atá leordhóthanach chun an rialú cáilíochta náisiúnta a chur chun feidhme; tacaíocht mhaoiniúcháin ón Aontas a úsáid chun an sásra náisiúnta um rialú cáilíochta a bhunú;

**Comhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex):**

3. feasacht údaráis na hIorua a mhéadú, go háirithe an Garda Cósta agus Cathlán Sor Varanger, agus a rochtain ar sheirbhísí tacaíochta éagsúla a sholáthraíonn Frontex a éascú, amhail na seirbhísí cumaisc, rochtain ar fhaisnéis maidir le húsáid teicneolaíochtaí úrscothacha, córais faisnéise, catalóga dea-chleachtas chun éifeachtúlacht oibríochtúil an rialaithe teorann a fheabhsú;

**Anailís riosca**

4. a áirithiú i gcás na mball foirne a bhfuil cúraimí anailíse riosca sannta dóibh, go bhfaigheann siad oiliúint bhunúsach agus leanúnach maidir le hanailís riosca, agus a áirithiú gurb ann do chumas náisiúnta oiliúint a chur ar fáil maidir le hanailís riosca i gcomhréir leis an gComhshamhail le haghaidh Bainistiú Comhtháite Riosca, chun go ndéanfar leibhéal an eolais agus cur i bhfeidhm na comhshamhla maidir le táirgí agus nósanna imeachta a chaighdeánú;

5. méadú a dhéanamh ar líon na mball foirne oilte le haghaidh anailís riosca ar an leibhéal straitéiseach, réigiúnach agus áitiúil, agus i Seirbhís Náisiúnta Inimirce na bPóilíní;

6. líonra náisiúnta um anailís riosca a chruthú, ina mbeidh speisialtóirí ón leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus beartach chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus chun an fheasacht ar chodanna éagsúla den teorainn a éascú; lena n-áirítear próifílí agus táscairí sonracha anailíse riosca a tháirgeadh ag na teorainneacha farraige;

**Feasacht staide náisiúnta agus Eorpach agus an córas luathrabhaidh –Eurosur**

7. nasc díreach le córas Eurosur a bhunú idir leibhéal straitéiseach agus leibhéal réigiúnach na n-údarás a bhfuil baint acu le rialú teorann ionas gur féidir faisnéis a mhalartú go comhleanúnach;

8. méadú a dhéanamh ar líon na dtáirgí anailíseacha agus anailíse riosca a uaslódáiltear i roinn anailíse Eurosur;

**Cumais náisiúnta maidir le bainistiú teorainneacha**

9. forbairt an phlean náisiúnta um chumas a chur i gcrích agus a léiriú ann eilimintí sonracha na n-údarás náisiúnta uile a bhfuil baint acu le bainistiú teorainneacha;

10. plean acmhainní daonna fadtéarma a bhunú le haghaidh na gcúraimí rialú teorann a bheidh ar na Póilíní Náisiúnta agus córas a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar na riachtanais foirne ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil; líon na mball foirne a mhéadú de réir na riachtanas atá ann agus ar bhonn measúnú comhleanúnach;

11. na cúrsaí bunoiliúna le haghaidh gardaí teorann a ailíniú leis an gCreat um Cháilíochtaí Earnála le haghaidh an Gharda Teorann arna cheapadh ag Frontex agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme na Lárchuraclam tríd an gClár Measúnúcháin um Idir-inoibritheacht;

12. seisiúin oiliúna bhunúsacha, speisialaithe agus athnuachana a reáchtálfar go rialta a bhunú a mbeidh rannpháirtíocht iontu éigeantach i gcás na bpóilíní agus na ngardaí teorann (lena n-áirítear oiliúint maidir le saineolas doiciméad, seiceálacha dara líne agus coinníollacha iontrála amhail an méid airgid is gá i gcás na hIorua, agus ábhair eile nach iad), agus i gcás oifigigh an Gharda Cósta (lena n-áirítear oiliúint maidir le nósanna imeachta réamhsheiceála agus seiceálacha doiciméad, agus ábhair eile nach iad), chun a gcuid eolais agus scileanna a fheabhsú agus chun a áirithiú gurb ann do leibhéal aonfhoirmeach eolais mar a cheanglaítear le hAirteagal 16 de Chód Teorainneacha Schengen; a áirithiú go ndéantar meastóireacht ar an eolas a fhaightear ar bhonn córasach chun an leibhéal saineolais is gá a ráthú; a áirithiú go bhfuil coincheap na hoiliúna ailínithe agus struchtúrtha i ngach ceantar póilíneachta;

13. a áirithiú gurb ann do líon leordhóthanach gardaí teorann ag aerfort Trondheim agus ag an gcéad líne in aerfort Sandefjord atá oilte chun trealamh seiceála doiciméad an dara líne a úsáid ionas go gcuirfear leis an acmhainneacht doiciméid bhréagacha nó doiciméid bhrionnaithe a shainaithint le linn gach seala oibre; a áirithiú go mbeidh saineolaithe doiciméad ar fáil le linn uaireanta oibre aerfort Osló;

14. méadú a dhéanamh ar úsáid an trealaimh theicniúil atá ar fáil chun doiciméid bhrionnaithe nó bhréagacha a bhrath ag na teorainneacha aeir (e.g. lionsaí formhéadúcháin, solas ultraivialait láimhe) le linn na seiceálacha céadlíne;

15. an trealamh is ga a sholáthar d’aerfort Sandefjord chun sonraí bithmhéadracha a ghabháil, ionas gur féidir próiseas eisiúna na víosa a chur i gcrích ar an láthair;

**Nósanna imeachta um sheiceálacha teorann**

16. a áirithiú go ndéantar an nós imeachta um sheiceáil a dhéanamh ar mhairnéalaigh agus ar phaisinéirí i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 19 i gcomhar le hIarscríbhinn VI, pointe 3.1.1 a ghabhann le Cód Teorainneacha Schengen[1], tríd na seiceálacha iontrála agus imeachta ar mhairnéalaigh agus ar phaisinéirí ag an gcalafort a dhéanamh, díreach taobh leis an árthach nó ar bord loinge sna huiscí teorann, ag dul ar bord na loinge nó ag tuirlingt di; athmheasúnú a dhéanamh ar líon na bpointe trasnaithe teorann muirí agus líon leordhóthanach foirne a chur chucu ionas gur féidir na seiceálacha teorann a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen;

17. an nós imeachta um dhiúltú cead isteach, sin a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ('Cód Teorainneacha Schengen') trína áirithiú gur i ngach cás ina ndiúltaítear cead isteach, nach dtagann an náisiúnach tríú tír isteach san Iorua; an fhoirm um dhiúltú cead isteach a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 14(2) i gcomhar le hIarscríbhinn V Cuid B a ghabhann le Cód Teorainneacha Schengen;

18. a áirithiú go gcuirfear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle[2] chun feidhme ar bhealach éifeachtach buan agus go ndéanfar sonraí na réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí a phróiseáil in am agus i dtráth chun tacú le seiceálacha teorann céadlíne ag gach aerfort, cuir i gcás tríd an bhfoireann a mhéadú chun uaireanta oibre níos faide a chumhdach ar laethanta den tseachtain, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire;

19. na nósanna imeachta um sheiceáil a dhéanamh ar bháid phléisiúir a thabhairt i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 19 i gcomhar le hIarscríbhinn VI, pointe 3.2.5 a ghabhann le Cód Teorainneacha Schengen;

20. na nósanna imeachta um sheiceáil a dhéanamh ar phaisinéirí agus baill foirne long cúrsála a thabhairt i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 19 i gcomhar le hIarscríbhinn VI, pointe 3.2.3 a ghabhann le Cód Teorainneacha Schengen;

---

1 Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú); IO L 77, 23.3.2016.

2 Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl; IO L 261/24, 6.8.2004.

21. a áirithiú nach gcuireann na gardaí teorann stampaí dul isteach nó imeachta ar dhoiciméid taistil de chuid náisiúnach tríú tír a thíolacann an cárta cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir 2004/38/CE mar a leagtar amach in Airteagal 11(3)(g) de Chód Teorainneacha Schengen; a áirithiú go n-úsáidtear agus go gcláraítear na stampaí mar is cuí i gcomhréir le hAirteagal 8(7), Iarscríbhinn II(f) a ghabhann le Cód Teorainneacha Schengen;

22. an nós imeachta um eisiúint víosaí ag aerfoirt Trondheim agus Bergen a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 6 de Chód Teorainneacha Schengen agus le hAirteagail 35 agus 36 den Chód Víosaí[1]; a áirithiú go bhfuil eolas maith ag na gardaí teorann ar fhorálacha ábhartha an Chóid Víosaí;

23. na nósanna imeachta um sheiceáil a dhéanamh ar eitiltí príobháideacha a thabhairt i gcomhréir le hIarscríbhinn VI (2.3.1) i gcomhar le hAirteagal 19 de Chód Teorainneacha Schengen;

24. srian a chur leis an méid ama a thógann na seiceálacha céadlíne ag na teorainneacha aeir trí úsáid a bhaint as próifíliú mar shampla, agus an dara líne a úsáid le haghaidh seiceálacha breise i gcás inar gá;

25. a áirithiú go ndéantar seiceálacha teorann ar na paisinéirí uile ó eitiltí neamh-Schengen i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen;

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí); IO L 243, 15.9.2009.